

Holy Family Senior School

Ennis, Co Clare

Roll Number: 07315N

Email: info@hfss.org

Website: <http://www.hfss.org/>

Plean Scoile don Ghaeilge Scoil An Teaghlaigh Naofa Inis

Acting Principal: Hugh Connolly
Co-ordinator: An Coiste Gaeilge

Réamhráiteas

(a) Conas a cuireadh an plean le chéile agus cé a bhí páirteach ann?

Chuir foireann na scoile an plean seo le chéile ó bhliain 2017 go 2018. Bhuail an príomhoide agus na múinteoirí le chéile agus bhunaíomar coiste Ghaeilge chun plean oiriúnach don scoil a eagrú. I mBealtaine 2018, rinne an coiste Gaeilge nuashonrú ar an bplean a bhí ann. Tá an déimeagrafaic ag síor-athrú i Scoil an Teaghlaigh Naofa. Tá go leor páistí sa scoil seo nach bhfuil Béarla acu mar phríomhtheanga agus is scoil DEIS í. Is sa chomhthéacs seo a táimid ag iarraidh plean réalaíoch a bhunadh. Is plean idirthreámhsach é seo agus muid ag iarraidh dul i ngleic leis an déimeagrafic nua agus muid ag fanacht le Curaclam nua Teanga na Bunscoile mar aon leis an scéim nua – Bua na Cainte.

(b) Cen fáth go bhfuil gá leis an bplean seo?

Chun cabhrú linn an curaclam a chur i bhfeidhm i dtreo is go mbeidh leanúnachas ó rang go rang.

Chun an Cur Chuige Cumarsáideach a chur i bhfeidhm sa scoil.

Chun béim a chur ar ghnéithe áirithe den Ghaeilge m.sh éisteacht, cluichí, labhairt na Gaeilge agus Seachtain na Gaeilge.

Fís – An plean i gcomhthéacs na scoile

- Dearcadh agus dea-nósanna na múinteoirí i leith na Gaeilge.
- Na páistí a spreagadh chun labhairt trí Ghaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae.
- Go mbeidh tuiscint níos mó ag na páistí ar an gcultúr.
- Go mbainfidh na paistí agus na muinteoirí úsáid as timpeallacht na scoile chun imeachtaí a bhaineann leis an dteanga agus an cultúr a chur chun cinn, m.sh. feidhmeanna teanga, ceol, peil, iománaíocht, rince, tráth na gceist.
- Is é Béarla an teanga theagaisc sa scoil seo ach moltar an Ghaeilge a úsáid mar mheán cumarsáide go neamhfhoirimiúil i gcomhthéacs an seomra ranga agus na scoile de réir mar a oireann.
- Tá curaclam páiste-lárnach ag díriú ar ghánna an pháiste agus ar a fhorbairt iomlán. Beidh an teanga ag leibhéal an pháiste agus taitneamhach dó/di. Sa scoil seo tá sé tábhachtach:
 1. go mbeadh an páiste gníomhach sa cheacht Gaeilge.
 2. go gcruthaíonn an múinteoir comhthéacsanna i suíomh na scoile agus an seomra ranga chun fíorchumarsaíd a chur ar siúl.

Aidhmeanna:

Is iad aidhmeanna churaclaim na Gaeilge ná:

- dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú.
- taitneamh a bhaint as a bheith ag foghlaim na Gaeilge

- cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a chothú ag léibhéil a oireann dó/di féin agus don chineál scoile.
- feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú
- cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a fhorbairt agus a m(h)uinín chun an Ghaeilge a úsáid a chothú
- éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite.
- Feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú.
- Cúram a dhéanamh d'fhorbairt shóisialta, chognaíoch, mhothúchánach, shamhlaíoch agus aeistéitiúil an pháiste.
- Cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste.

Lgh 14 agus 15 Curaclam na Gaeilge

Ábhar an Phlean

Tá an plean don Ghaeilge eagraithe faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Pleanáil don Churaclam.

- a. Curaclam na Gaeilge.
- b. Cur chuige Cumarsáideach.
- c. Feidhmeanna Teanga.
- d. Snáitheanna an Churaclaim
- e. Comhtháthú na snáitheanna.
- f. Téamaí, straitéisí agus modhanna múinte.
- g. Gaeilge Neamhfhoirmiúil-úsáid na Gaeilge i rith an lae.

2. Pleanáil Eagraíochta

- a. Pleanáil an mhúinteora
- b. Áiseanna
- c. Éagsúlacht cumais
- d. Comhtháthú le hábhair eile.
- e. Measúnú
- f. Obair Bhaile
- g. Forbairt foirne
- h. Tuismitheoirí agus an Ghaeilge
- i. Comhionannas

1. Curaclam na Gaeilge

1.1 Cur Chuige Cumarsáideach

- Tá tuiscint ag foireann na scoile gurb é an rud is tábhachtaí ná na páistí a chur ag caint agus ag déanamh cumarsáide chomh luath agus chomh minic agus is féidir
- Déanann na múinteoirí iarracht úsáid a bhaint as an nGaeilge i rith ranganna eile m.sh treoracha a thabhairt i gcorpoideachas, ealaín srl.

- An t-ábhar teagaisc agus foghlama a bheith páistelárnach agus taitneamhach, is é sin go mbeadh dlúthbhaint ag na téamaí, na topaicí agus an teanga le saol an pháiste.
- Feidhmeanna teanga a chomhlíonadh, mar shampla slán a fhágáil, ceist a chur ar dhuine, freagra a thabhairt, mianta agus mothúcháin a leiriú.

1.2 Feidhmeanna teanga

Múineann na muinteoirí feidhmeanna teanga áirithe do ranganna áirithe. Tá na feidhmeanna seo i lárchuraclam na scoile seo. Is plean idir thréimhseach é seo agus táimid ag obair ar na liostaí seo chun iad a bheith ar aon dul le comhthéacs na scoile seo.

- Faigheann gach múinteoir cóip den lárchuraclam seo.
- Beidh na feidhmeanna teanga i gceist i ngach snáithe den churaclam: Éisteacht, Labhairt, Léitheoireacht agus Scríbeoireacht.
- Rangaítear iad i sé chatagóir feidhmeanna:
 - Caidreamh sóisialta a dhéanamh
 - Eolas a thabhairt agus a lorg
 - Dearcadh a leiriú agus a lorg
 - Dul i gcionn ar dhuine
 - Struchtúr a chur ar chomhrá
 - Soiléiriú a lorg i gcomhrá
- Is é is ciall le feidhm teanga ná úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, mar shampla mian a chur in iúl, rud a iarraidh, cuireadh a thabhairt, cead a lorg nó easpa taitnimh a leiriú, srl.

1.3 Snáitheanna an Churaclam

Is iad snáitheanna an Churaclam Gaeilge ná:

- Éisteacht
- Labhairt
- Léitheoireacht
- Scríbeoireacht
- Forbrófar na snáitheanna ar bhealach comhtháite chomh minic agus is féidir sa cheacht Gaeilge.
- Tá gach snáithe acu roinnte ina shnáithaonaid. Is iad na trí phríomh-shnáithaonaid ná:
 - Ag cothú spéise

- Ag tuiscint teanga
- Ag úsáid teanga

Éisteacht

- Éisteacht go neamhfhoirmiúil i rith an lae-sa rang/scoil-leis an múinteoir ranga agus múinteoirí eile, le daltaí eile, le amhráin agus rainn.
- Éisteacht leis an nGaeilge á húsáid go teagmhasach mar theanga chaidrimh agus bhainistíochta sa seomra ranga, sa scoil agus sa timpeallacht scoile mar shampla ag gabháil leithscéal ar an idirchum, cuairteoirí ranga ag fágáil slán srl.
- Éisteacht leis an nGaeilge go foirmiúil i rith ceachta
 - Rainn agus dánta
 - Tascanna éisteachta (éist agus tarraing; éist agus lean treoracha, srl)
 - Dlúthcheirníní de scéalta / sceitsí

Labhairt

- Labhairt go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae sa rang, sa scoil, ag am lóin, treoracha, beannachtaí c/f feidhmeanna teanga i lárchuraclam na scoile seo.
- Labhairt go foirmiúil sa cheacht
 - na páistí ag labhairt go simplí faoi na topaicí agus na téamaí a bhfuil spéis acu féin iontu trí chluichí teanga, scéalaíocht, athinsint scéalta, ról-ghlacadh srl.

Léitheoireacht

- Clár ullmhúcháin don litearthacht - Is iad *Bua na Cainte* agus *Béal Beo* le *EdCo* na cláir Gaeilge atá roghnaithe againn sa scoil. Is cláir cuimsitheacha iad, le roinnt rainn, cluichí éisteachta, pictiúrleabhair agus prionta Gaeilge sa timpeallacht comhtháite ann. Beimid ag dul le *Bua na Cainte* tríd na scoile nuair a bheidh an scéim sin réidh.
- Tús na léitheoireachta – Tosaíonn an léitheoireacht go foirmiúil i Rang 2. Úsáidtear pictiúrleabhair mhóra, prionta Gaeilge sa timpeallacht, leabhair bheaga, nuacht pearsanta srl. chun tús a chur le léitheoireacht na Gaeilge.
- Scileanna léitheoireachta a fhorbairt – téacsanna agus tascanna léitheoireachta m.sh.

- Scéalta sna leabhair atá in úsáid
- Dánta agus rainn
- Amhráin
- Léamh agus pictiúr a tharraingt
- Abairtí a chur in ord

Scríbhneoireacht

- Tús na scríbhneoireachta – Tosaíonn na páistí i rang a dó le cóipeáil frasaí agus abairtí bunaithe ar na téamaí nuacht phearsanta, cártaí, srl. Beidh na páistí in ann an méid seo a scríobh as a stuaim féin:
 - Rang II 1 líne
 - Rang III 2 líne
 - Rang IV 3 líne
 - Rang V 4 líne
 - Rang VI 5 líne
- Tascanna scríbhneoireachta – m.sh. ailt, scéalta, litreacha ...
- Próiséis na scríbhneoireachta:
 - Feabhas a chur ar iarrachtaí pearsanta
 - Ceartú
 - Foilsiú ó am go ham
 - Litriú
 - Gramadach

Gramadach

- Beidh an ghramadach déanta go neamhfhoirmiúil trí na snáitheanna eile – labhairt, léitheoireacht agus éisteacht – ó Rang 2 go Rang 4 bunaithe ar théamaí an churaclam.
- Tosófar ar an ngramadach go foirmiúil i Rang 5
- Is féidir le múinteoirí áiseanna éagsúla a úsáid m. sh. Bua na Cainte, Béal Beo, Cleachtaí Gramadaí Bunscoile srl. chun an ghramadach a mhúineadh ó rang go rang.

Is iad *Beo le Ceo (An Comhlacht Oideachais)* agus *Graiméir le Chéile (An Comhlacht Oideachais)* na cláir gramadaí Gaeilge atá roghnaithe againn sa scoil do Rang 5 agus 6.

1.4 Comhtháthu na snáitheanna

- Is féidir na snáitheanna a chomhtháthu trí na gníomhachtaí éagsúla – éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht - a bhaineann leis na topaicí/hábhair éagsúla.

1.5 Téamaí, straitéisí agus modhanna múinte

(a)Téamaí

Tá na 12 téamaí luaite sa churaclam. Tá na fo-théamaí do ranganna áirithe luaite i lárchuraclam na scoile seo.

(b)Straitéisí-

- Cluichí Teanga
- Tascanna agus Fadhbanna
- Drámaíocht
- Físeáin
- Scéalaíocht
- Filíocht
- Rainn
- Dánta
- Amhráin
- Rabhlóga
- Tomhais
- Seanfhocail

(c) Modhanna Múinte-

- An Modh Díreach
- Modh na Sraithe
- Modh na Lán Fhreagartha Gníomhaí
- An Modh Cioslabharta
- An Modh Ciosamhairc
- Modh na Ráite

1.6 Gaeilge Neamhfhoirmiúil - úsáid na Gaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae.

- Ócáidí rialta i rith an lae, am loin m sh
- Teachtaireachtaí.
- Bainisteoireacht ranga.
- Prionta sa timpeallacht.
- Frásaí na Seachtaine

1.7 Foclóir – Déantar forbairt chéimniúil ar an bhfoclóir atá i seilbh na ndaltaí ó rang go rang. Is plean idir thréimhseach é seo agus táimid ag obair ar liosta foclóra céimniúil a bheidh ar aon dul le comhthéacs na scoile seo.

2. Pleanáil Eagraíochta

2.1 Pleanáil an Mhúinteora

- Leanann an múinteoir na ceannteidil thuas nuair a bhíonn siad ag pleannáil a gcuid oibre.
- Scríobhfaidh na múinteoirí an obair atá déanta sa rang sa chúntas míosúil.

2.2 Áiseanna (Teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide san áireamh)

- Na háiseanna atá in úsáid ná Bua na Cainte, Béal Beo, postaeir / ar líne / dlúthcheirnín
- Tá na haiseanna ag gach múinteoir ina rang féin
- Teicneolaíocht eolais
- E-leathanach

2.3 Éagsúlacht Cumais

- Tá ar gach pháiste Gaeilge a fhoghlaim ach ní fhoghlaimíonn páistí áirithe ó thíortha i gcéin Gaeilge - paistí níos sine ná 11 a tháinig anseo ó thíortha eile nach bhfuil Béarla mar theanga dhúchais acu. Tugtar obair breise sa Bhéarla do na páistí seo chun a gcuid Béarla a fheabhsú. Tá díolúine ag páistí áirithe eile chomh maith mar gheall ar dheacrachtaí foghlama.

2.4 Comhtháthú le hábhair eile

- Baineann na páistí úsáid as an nGaeilge in ábhair eile m.sh i gcoirp oideachais, drámaíocht, ceol, ealaín.

2.5 Measúnú

- Dírbhreachnú an mhúinteora.
- Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir.
- Bailiúchán d'obair agus de thionscadail an pháiste.

2.6 Obair bhaile

- Tugtar obair bhaile oiriúnach sa Ghaeilge do na páistí i ngach rang.
- Tá polasaí obair bhaile forbartha againn sa scoil seo cheanna féin.

2.7 Forbairt Foirne

Tá a lán taithí ag múinteoirí áirithe sa scoil seo ar mhúineadh na Gaeilge agus tugann siad tacaíocht/comhairle do na múinteoirí eile sa scoil seo. Faighimid tacaíocht ón PDST ó am go ham. Déanann múinteoirí áirithe cúrsanna samhraidh bunaithe ar mhúineadh na Gaeilge.

2.8 Tuismitheoirí agus an Ghaeilge

- Is féidir leis an scoil eolas a chur ar fáil do na tuismitheoirí siúd a bhfuil fonn orthu tacú le foghlaim a gcuid páistí, m.sh. rainn/dánta/frasaí na seachtaine, Seachtain na Gaeilge, scéalaíocht, drámaíocht srl.
- Cuirtear ranganna Gaeilge ar siúl sa scoil do thuismitheoirí ó am go ham i rith na bliana chun cuidiú leo tacaíocht a thabhairt dá bpáistí.
- Bíonn gníomhaíochtaí éagsúla ar siúl le haghaidh Seachtain na Gaeilge agus tugaimid eolas do thuismitheoirí futhu
- Cuirtear eolas mar gheall ar gníomhaíochtaí Ghaeilge ar an suíomh idirlíne agus sa nuachtlitr

2.9 Comhionannas

- Bíonn an seans céanna ag gach dalta an Ghaeilge a fhoghlaim.
-

An tslat tomhais atá ag an scoil chun an plean a mheas.

Tá fhios againn go bhfuil an plean á chur i bhfeidhm sa scoil mar:

- Leanann ullmhúchán an mhúinteora an plean.
- Leantar na nósanna imeachta atá sa phlean.

Beidh a fhios againn gur chomhlíonadh aidhmeanna an phlean ó na torthaí seo:

- Aiseolas dearfach ón bhfoireann, ó dhaltaí, ó thuismitheoirí.
 - Aiseolas dearfach ó scoileanna dara leibhéal.
 - Tuairiscí ón gCigire/Tuairisc Scoile.
 - Páistí ag labhairt na Gaeilge lasmuigh de ranganna Gaeilge agus ag baint taitnimh aisti.
-

Cur i Bhfeidhm

(a) Rólanna agus freagracht.

- Tá na múinteoirí go léir freagrach as an bplean a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus tuairisc a thabhairt air.
- Beidh athbhreithniú déanta go minic ag cruinniú foirne, agus cruinniú áirithe leis an bpríomhoide agus múinteoirí le dualgais speisialta i bpleanáil churaclaim.

(b) Spriocdhátaí leis an bplean a chur i bhfeidhm.

- An spriocdháta a bheidh an plean curtha i bhfeidhm ná Meán Fomhair 2018.

(c) Athbhreithniú – Meitheamh 2019

This policy will be reviewed at the end of the 2018/19 academic year.
The Gaeilge committee will be responsible for this review.

This policy was ratified by the Board of Management on. _____.

Signed: _____

Chairperson of Board of Management

Foscríbhinní

Foscríbhinn 1: Feidhmeanna Teanga: lgh 12 - 18

Foscríbhinn 2: Dánta agus Rainn: lch 19

Foscúbhinn 1 – Feidhmeanna Teanga

Catagóir: Caidreamh sóisialta a dhéanamh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste	Rang a 2	Rang a 3	Rang a 4	Rang a 5	Rang a 6
beannú do dhuine	Dia duit	Dia is Muire duit. Dia daoibh Dia is muire daoibh	Tá fáilte romhat Tá fáilte romhaibh Óíche mhaith	Dia is Muire duit/daoibh is Pádraig.	
slán a fhágáil	Slán leat agus go raibh maith agat.	Slán go fóill	Slán anois Slán – tar ar ais arís	Go n-éirí an bóthar leat.	Feicfidh mé tú amárach.
glaoch ar dhuine	A mhúinteoir	A mhamaí A Sheáin / A Mháire srl	Tar anseo		
aird a lorg	Gabh mo leithscéal a mhúinteoir	Éistigí	An bhfuil sibh réidh?	An féidir liom rud éigin a fháil?	An féidir liom labhairt leat?
bualadh le duine	Conas atá tú? Cad is ainm duit? Cén aois thú?	Tá mé go maith go raibh maith agat. Táim ceart go leor.	Táim níos fearr Níl mé go maith. Tá mé go dona.	Táim go breá, buíochas le Dia	
cur in aithne		Cé thusa? Seo é / í Is mise	Sin ...		
comhghairdeas a dhéanamh	Lá breithe sona duit	Maith thú Bualadh bos	Comhghairdeas Maith an cailín / buachaill		
comhbhrón a dhéanamh	Cailín / buachaill bocht	Tá brón orm	Mí-ádh		Beidh lá eile agat/agaibh.

Catagóir: Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste	Rang a 2	Rang a 3	Rang a 4	Rang a 5	Rang a 6
cead a lorg, a thabhairt, agus a dhiúltú	An bhfuil cead agam dul amach / dul go dtí an leithreas?	Brostaigh. Ar aghaidh leat.	An bhfuil cead ... a fháil? Déan deifir Amach / isteach leat	An bhfuil cead agam teacht isteach?	An bhfuil cead agam an doras / fhuinneog a oscailt / dhúnadh?
buíochas a léiriú	Go raibh maith agat.	Go raibh míle maith agat.	Go raibh maith agaibh.	Míle buíochas.	
smaoineamh a chur chun cinn		An bhfuil cead againn? Feicim	Cad faoi...?		Measaim
iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh	Suigh síos / seas suas. Stopaigí Oscail / Dún ... más é do thoil é	Cuir ... ar an mbord	Déanaigí Bígí Téigí ...le do thoil	Cuir ar / much na soilse	Tógaigí amach ...
duine a ghríosadh	Stop! Lean ar aghaidh	Ar aghaidh leat. Maith thú	Lean ort.	Déanfaimid...	
cuireadh a thabhairt, a dhiúltú, glacadh leis nó fiosrú faoi	Cá bhfuil sé / sí?	Ar mhaith leat teacht? Ba mhaith / níor mhaith liom	An féidir leat ...? Is / Ní féidir liom	Ar mhaith leat dul go ... Dé ...	Ní féidir liom mar ...
foláireamh a thabhairt do dhuine	Ciúnas le do thoil. Cé atá ag caint? Bí ag siúl. Ná bí ag rith. Ná bí ag caint.		Bí/bígí cúramach.	Tabhair aire.	Stop den phleidhcíocht.
maíomh	Tá mé go maith ag ..	Tá mé go hiontach ag ..	An bhfaca tú é sin?	Is mise an duine is fearr ..	

Catagóir: Dearcadh a léiriú agus a lorg

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste	Rang a 2	Rang a 3	Rang a 4	Rang a 5	Rang a 6
eolas nó aineolas, cuimhne nó easpa cuimhne a léiriú agus fiosrú fúthu	Tá / Níl a fhios agam	An bhfuil a fhios agat?			An bhfuil aithne agat ar ...? Tá / Níl.
cinnteacht, éiginnteacht, féidearthacht a léiriú, fiosrú fúthu	Tá / Níl	'Sea / Ní hea	Cinnte	Tá / Níl mé cinnte B'fhéidir	B'fhéidir go bhfuil...
leibhéal dóchúlachta a léiriú agus fiosrú faoi			Cá bhfuil Sinéad? Is dócha go bhfuil sí tinn.	B'fhéidir go bhfuil sé san ospidéal / tinn.	Gan amhras
taitneamh nó easpa taitnimh a léiriú	An maith leat? Is/ní maith liom.	Is breá liom. Is fuath liom.	Ar mhaith leat? Ba/níor mhaith liom. Is fearr liom ...	An dtaitníonn _ leat? Taitníonn / Ní thaitníonn.	B'fhearr liom x ná y.
Mianta a léiriú nó fiosrú fúthu	An bhfuil sé go deas / maith? Tá / Níl.	Is maith liom a bheith ag...	Ar mhaith leat ...? Ba mhaith liom / Níor mhaith liom.	B'fhearr liom...	Tá ... orm
rogha a léiriú agus fiosrú fúithi		Is fearr liom ...	Is fearr liom x ná y.	An bhfuil...deas agat más é do thoil é?	
leithscéal a ghabháil	Gabh mo leithscéal.	Tá brón orm.	Rinne mé dearmad ar...		

sásamh nó míshásamh a léiriú nó fiosrú fúthu	Go maith! Go deas!	Go dona! Go hiontach!		Ar fheabhas!	Ar fheabhas ar fad!
aontú nó easaontú le ráiteas	Tá / Níl	Is ea. / Ní hea	Tá / Níl an ceart agat.	Tá sé sin fíor / bréagach.	Aontaím / Ní aontaím
ábaltacht nó easpa ábaltachta a léiriú	Is féidir liom. Ní féidir liom.	Is maith liom a bheith ag...			Is / Ní féidir liom x a scríobh / x a dhéanamh / srl.
séanadh		Níl Ní raibh	Rinne tusa é?	(Ar bhuail tú?) Níor bhuail (Ar chaill tú?) Níor chaill.	An ndearna? Ní dhearna.
maithiúnas a léiriú	Tá brón orm.	Ceart go leor.	Tá go maith		
díomá a léiriú			Tá díomá orm.		Is mór an trua é.
dóchas a léiriú			Tá súil agam...	Beidh tú ceart go leor.	
ligean air/uirthi			Is ... mé	Is mise an ...	
scéalta a chumadh nó a insint	Inniú an ... Inné an ...	Ansin... Tar éis tamaill...	Lá ... a bhí ann.		Go tobann...

Catagóir: Eolas a thabhairt agus a lorg

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste	Rang a 2	Rang a 3	Rang a 4	Rang a 5	Rang a 6
aithint	Seo é / í Sin é / í	Is liomsa é Sin peann, srl	Is cailín maith í. Is buachaill maith é.		Teach scoite / leathscoite / bungaló srl atá ann.
tuairisciú	D'ith mé, d'ól mé Thosaigh, chonaic, cheannaigh, tháinig, fuair, thug, thóg, bhí, chuaigh, rinne, scríobh, léigh	Anseo /as láthair Tá sé/sí tinn, sa bhaile, as láthair.	Thug Mamaí ... dom.	Tá sé tirim / ag cur baistí / ag cur sneachta srl	B'fhéidir go bhfuil sé / sí... Beidh an cluiche ar siúl...
teachtaireacht a thabhairt	Tá ... ar scoil. Tá ... as láthair.	Seo duit. Seo nóta duit.		Tá ... agam duit.	
ceartú	Déan arís é.	Stop den chaint.	Ná déan é sin.	Ná bí ag...	
ceisteanna a chur agus a fhreagairt	Cén dath atá ar...? Caithain? Ar maidin / tar éis lóin An bhfuil tú críochnaithe? Cad a tharla?	Cá bhfuil...? Cad atá sa...?	An leatsa é? Cén t-am é? Ceisteanna le briathra ón Aimsir Chaite (dearfach agus diúltach). M sh	Ceisteanna le briathra ón Aimsir Láithreach (dearfach agus diúltach).	Meas tú? Ceisteanna le briathra ón Aimsir Fháistineach (dearfach agus diúltach).

	An bhfaca? Chonaic / Ní fhaca An bhfeiceann tú? Feicim / Ní fheicim		An ndearna? An ndeachaigh? Ar cheannaigh? Ar chuir?		
--	--	--	--	--	--

Catagóir: Soiléiriú a lorg i gcomhrá

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste	Rang a 2	Rang a 3	Rang a 4	Rang a 5	Rang a 6
easpa tuisceana a léiriú			Ní thuigim		
cabhair a lorg			An féidir leat cabhrú liom?	Cad is brí le x ?	Conas a deireann tú / a déarfá?
litriú a lorg			Litrigh x más é do thoil é.	Cén Ghaeilge atá ar x ?	Conas a litríonn tú / litreofá ?
athrá a lorg				Abair é sin arís más é do thoil é.	

Catagóir: Struchtúr a chur ar chomhrá

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste	Rang a 2	Rang a 3	Rang a 4	Rang a 5	Rang a 6
oscailt		Tá an lá go hálainn.	Ar chuala tú...?		
féincheartú		Tá brón orm	Ó, ní hea	Ó, gabh mo leithscéal	Fan go bhfeicfidh mé.
cur síos a dhéanamh céim ar chéim coimriú		Go tobann	Ar dtús..... Ansin	Tar éis tamaill	Níorbh fhada Ar deireadh
deireadh a chur le comhrá		Sin é	Ceart go leor.	Caithfidh mé imeacht. Tá deifir orm anois.	Beidh mé ag caint leat arís. Feicfidh mé arís / amárach / níos déanaí thú.

Foscúbhinn 2 – Dánta agus Rainn

Rang a Dó	Rang a Trí	Rang a Ceathair	Rang a Cúig	Rang a Sé
Buail ar an Doras	Ruairí Rón	Cé Thú Féin	An Bus	Béal Beo
Duilleoga	An Sneachta	Na Béilí	Teilifís	Slite Beatha
Séamaisín	An Port	I Lar an Bhaile Mhóir	Chuala Mé an Ghaoth	Balún Aer Te
Cupán Tae	Bláthanna	An Maith Leat Eadaí	An Scoil	Amhrán na gCupán
An Hócaí Pócaí	Tithe	Cá bhfuil Conaí Ort	Oíche Shamhna	An Geansaí Glas
Mac Uí Ghogaí	Neilí an Bhó	Trup Trup a Chapailín	Oíche Nollag	Mo Ghile Mear
Nollaig Shona Daoibh	An Sorcas	An Spéir	Sneachta	Trasna na dTonnta
Sciarr an Mhuc	Cén dáth atá ann?	An Scáth	Mise Raifteirí	Lios na Síóg
Seachain Tú Féin	Shiúil mé	An Aimsir	Bláthanna	Fáinne Fí
Humptaí Dumptaí	Mo Mhála Scoile	Laethanta Saoire	An Samhradh	Níl aon rud níos fearr
Micilín Muc	Oíche Shamhna	An Saoire	Mo Theachín Beag Deas	Amhrán na bhFiann
Haigh Didil Dum	Mo lá breithe	Clúichí	An Gabhar sa Scoil	Síoraí Spraoi
An dTiofaidh Tú?	Seol amach an Geimhreadh		Daidí na Nollag	
An Siopa	Oisín agus an Bó		Cúl an Tí	
Míonna na Bliana	Lá le Pádraig		Seol amach an Geimhreadh	

Ní liosta cuimsitheach é seo. Is féidir leis an múinteoir réimse de na dánta thuasluaite a mhúineadh mar aon le dánta éagsúla eile atá roghnaithe ag an múinteoir a oireann le cumas an ranga.